Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**9966/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0157 (NLE)**

**ACP 43**
**FIN 639**
**PTOM 6**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 6 Meitheamh 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 297 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais atá le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta mar an dara tráthchuid le haghaidh 2025 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 297 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 297 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.6.2025
COM(2025) 297 final

2025/0157 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais atá le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta mar an dara tráthchuid le haghaidh 2025**

GA GA

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Baineann an togra le Cinneadh ón gComhairle maidir leis an dara tráthchuid de na ranníocaíochtaí airgeadais leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta atá le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta ('CEF') in 2025.

Bainistítear an 11ú CEF agus CEF eile atá fós oscailte (an 9ú agus an 10ú CEF) faoin tacar rialacha seo a leanas:

1. An Comhaontú Inmheánach idir Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, agus iad le chéile i dtionól na Comhairle, maidir le maoiniú na cabhrach ón Aontas Eorpach faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na tréimhse 2014 go 2020, i gcomhréir le Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, agus maidir le leithdháileadh an chúnaimh airgeadais ar Thíortha agus ar Chríocha Thar Lear a bhfuil feidhm ag Cuid a Ceathair den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leis[(1)] ('Comhaontú Inmheánach' an 11ú CEF);
2. Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme i dtaca leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta[(2)] ('Rialachán Airgeadais an 11ú CEF').
3. Cinneadh (AE) 2020/2233 ón gComhairle a bhaineann le gealltanas na gcistí a eascraíonn ó athshreabha faoi Shaoráid Infheistíochta ACC maidir le hoibríochtaí faoin 9ú, 10ú agus 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta[(3)];
4. Cinneadh (AE) 2022/1223 ón gComhairle[(4)] a bhaineann le leithdháileadh cistí saortha ó thionscadail faoin 10ú agus faoin 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta chun críche gníomhaíochtaí maoinithe lena dtugtar aghaidh ar ghéarchéim na slándála bia agus ar an turraing eacnamaíoch i dtíortha san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC) tar éis chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.

Is éard atá sna doiciméid dá dtagraítear i bpointí (a) go (d) gealltanais ilbhliantúla ó na páirtithe chun tacaíocht airgeadais a thabhairt do chisteán CEF. Déantar foráil i Rialachán Airgeadais an 11ú CEF maidir le ranníocaíochtaí tráthrialta atá le déanamh ag na páirtithe le cisteán CEF in aghaidh gealltanais airgeadais réamhchinntithe. Is de bharr Cinntí teicniúla ón gComhairle a dhéantar na ranníocaíochtaí tráthrialta, agus cuirtear san áireamh sna Cinntí sin cur chun feidhme na ngealltanas airgeadais a cinneadh cheana.

Dá bhrí sin, níl roinnt ceannteideal sa mheabhrán míniúcháin infheidhme maidir le glaonna ar ranníocaíochtaí tráthrialta amhail an ceann seo.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Ní bhaineann le hábhar

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Ní bhaineann le hábhar

---

(1) IO L 210, 6.8.2013, lch. 1
(2) IO L 307, 3.12.2018, lgh. 1-21
(3) IO L 437, 28.12.2020, lgh. 188-191
(4) IO L 188 an 15.7.2022, lch. 147

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

I gcomhréir le hAirteagal 19(3) de Rialachán Airgeadais an 11ú CEF, ní mór don Chomhairle cinneadh a dhéanamh faoin togra seo tráth nach déanaí ná 21 lá féilire tar éis don Choimisiún Eorpach, ag feidhmiú dó thar ceann an Aontais Eorpaigh, an togra seo a chur i láthair.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Ní bhaineann le hábhar

- **Comhréireacht**

Ní bhaineann le hábhar

- **An rogha ionstraime**

Ní bhaineann le hábhar

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann le hábhar

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ní bhaineann le hábhar

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní bhaineann le hábhar

- **Measúnú tionchair**

Ní bhaineann le hábhar

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar

- **Cearta bunúsacha**

Ní bhaineann le hábhar

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bhaineann le hábhar

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ní bhaineann le hábhar

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Ní bhaineann le hábhar

2025/0157 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais atá le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta mar an dara tráthchuid le haghaidh 2025

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chomhaontú Inmheánach idir Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, agus iad le chéile i dtionól na Comhairle, maidir le maoiniú na cabhrach ón Aontas Eorpach faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na tréimhse 2014 go 2020, i gcomhréir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, agus maidir le leithdháileadh an chúnaimh airgeadais ar Thíortha agus ar Chríocha Thar Lear a bhfuil feidhm ag Cuid a Ceathair den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh[(1)] maidir leis, agus go háirithe Airteagal 7(2), i gcomhar le hAirteagal 14(3), de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle an 26 Samhain 2018 maidir leis an rialachán airgeadais is infheidhme i dtaca leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2015/323[(2)], agus go háirithe Airteagal 19(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 1 den Chomhaontú Inmheánach idir Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, bunaítear an treoir ranníoca le haghaidh gach páirtí CEF sa Chiste Eorpach Forbraíochta (CEF)[(3)].

(2) I gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle, tá an Banc Eorpach Infheistíochta ('BEI') le meastacháin nuashonraithe ar ghealltanais agus ar íocaíochtaí faoi na hionstraimí a bhainistíonn sé a sheoladh chuig an gCoimisiún.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle, tá an Coimisiún le togra a chur i láthair faoin 15 Meitheamh 2024 lena sonrófar méid an dara tráthchuid den ranníocaíocht le haghaidh 2024.

(4) De bhun Airteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle, le glaonna ar ranníocaíochtaí ídeofar ar dtús na méideanna dá bhforáiltear sna Cistí Eorpacha Forbraíochta ('CEF') a bhí ann roimh an gCiste is deireanaí. Dá bhrí sin, ba cheart glao ar chistí a dhéanamh de bhun Rialachán (AE) 2018/1877, le haghaidh BEI agus le haghaidh an Choimisiúin.

(5) Le Cinneadh (AE) 2024/2906 ón gComhairle[(4)], socraítear méid bliantúil na ranníocaíochta atá le híoc ag na páirtithe in CEF le haghaidh 2025 ag

(1) IO L 210, 6.8.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/treaty/tfeu_2016/oj.

(2) IO L 307, 3.12.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1877/oj.

(3) IO L 210, 6.8.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/treaty/tfeu_2016/oj.

(4) Cinneadh (AE) 2024/2906 ón gComhairle an 14 Samhain 2024 maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta chun an ciste sin a mhaoiniú, lena

EUR 800 000 000 le haghaidh an Choimisiúin agus ag EUR 9 000 000 le haghaidh an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta. Ghlaoigh BEI a sciar uile den 11ú CEF leis an gcéad tráthchuid 2025.

(6) Chun go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Socraítear leis seo ag EUR 250 000 000 le haghaidh an Choimisiúin méid na ranníocaíochtaí atá le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta mar an dara tráthchuid le haghaidh 2025.

*Airteagal 2*

Déanfaidh na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta ranníocaíochtaí aonair an Chiste Eorpaigh Forbraíochta a íoc leis an gCoimisiún Eorpach agus leis an mBanc Eorpach Infheistíochta mar an dara tráthchuid le haghaidh 2025, i gcomhréir leis an Iarscríbhinn.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm dáta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
*[...]*

---

sonraítear an uasteorainn le haghaidh 2026, an méid bliantúil le haghaidh 2025, méid na chéad tráthchoda le haghaidh 2025 agus réamhaisnéis thácsach, neamhcheangailteach i dtaca leis na méideanna bliantúla a mheastar a bheidh sna ranníocaíochtaí le haghaidh na mblianta 2027 agus 2028 (IO L, 2024/2906, 19.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2906/oj.